BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

an 1 Lúnasa 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas tearmainn – Treoir 2013/32/AE – Nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar – Airteagail 36 agus 37 – An coincheap 'tír shábháilte thionscnaimh' – Ainmniú trí ghníomh reachtach – Iarscríbhinn I – Critéir – Airteagal 46 – An ceart chun leigheas éifeachtach a fháil – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Scrúdú, ag an gcúirt, ar ainmniú tríú tír mar thír shábháilte thionscnaimh – Foilsiú na bhfoinsí faisnéise ar a bhfuil an cinneadh sin bunaithe)

I gCásanna Uamtha C-758/24 (Alace)[i] agus C-759/24 (Canpelli)[i],

Dhá IARRAIDH le haghaidh réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó Tribunale ordinario di Roma (an Chúirt Dúiche, an Róimh, an Iodáil), trí bhreitheanna an 31 Deireadh Fómhair 2024 agus an 4 Samhain 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 4 Samhain 2024 agus an 5 Samhain 2024 faoi seach, sna himeachtaí

**LC** (C-758/24),

**CP** (C-759/24)

v

**Commissione territoriale per il riconoscimento della protezione internazionale di Roma – sezione procedure alla frontiera II,**

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, T. von Danwitz, Leas-Uachtarán, K. Jürimäe (Rapóirtéir), I. Jarukaitis, M. L. Arastey Sahún, A. Kumin, N. Jääskinen, D. Gratsias agus M. Gavalec, Uachtaráin Dlísheomra, I. Ziemele, J. Passer, Z. Csehi, O. Spineanu-Matei, B. Smulders agus M. Condinanzi, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Richard de la Tour,

Cláraitheoir: C. Di Bella, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 25 Feabhra 2025,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– LC, ag S. Angilletta, avvocata,

– CP, ag D. Belluccio agus S. Greco, avvocati,

– Rialtas na hIodáile, ag S. Fiorentino, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó L. D'Ascia, E. Feola agus I. Massarelli, avvocati dello Stato,

– Rialtas na Bulgáire, ag S. O. Ruseva agus T. S. Tsingileva, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Seice, ag A. Edelmannová, M. Smolek agus J. Vláčil, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Gearmáine, ag J. Möller agus R. Kanitz, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Gréige, ag T. Papadopoulou, i gcáil Gníomhaire,

– Rialtas na Fraince, ag B. Dourthe, O. Duprat-Mazaré agus B. Fodda, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Cipire, ag I. Neophytou agus E. Symeonidou, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Laitvia, ag J. Davidoviča agus S. Zellis, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Liotuáine, ag K. Dieninis, i gcáil Gníomhaire,

– Rialtas na hUngáire, ag M. Z. Fehér agus R. Kissné Berta, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas Mhálta, ag A. Buhagiar, i gcáil Gníomhaire,

– Rialtas na hÍsiltíre, ag M. K. Bulterman agus A. Hanje, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hOstaire, ag A. Posch, J. Schmoll agus P. Thalmann, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Polainne, ag B. Majczyna agus D. Lutostańska, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Slóvaice, ag E. V. Larišová, i gcáil Gníomhaire,

– Rialtas na Fionlainne, ag H. Leppo agus M. Pere, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Sualainne, ag F.-L. Göransson agus J. Olsson, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Azéma, M. Debieuvre agus F. Tomat, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 10 Aibreán 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

## Breithiúnas

1 Baineann na hiarrataí ar réamhrialú le léiriú ar Airteagail 36 go 38 de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO 2013 L 180, lch. 60), arna léamh i gcomhar le haithrisí 42, 46 agus 48 den Treoir sin agus Iarscríbhinn I a ghabhann léi agus i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') agus Airteagail 6 agus 13 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 ('ECHR').

2 Rinneadh na hiarrataí sin in imeachtaí idir LC agus CP, faoi seach, náisiúnaigh de chuid Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise, agus an Commissione territoriale per il riconoscimento della protezione internazionale di Roma – sezione procedure alla frontiera II (Coimisiún críochach um chosaint idirnáisiúnta a aithint na Róimhe – an rannóg um nósanna imeachta teorann II, an Iodáil) maidir le dlíthiúlacht na gcinntí lenar dhiúltaigh an Coimisiún sin, tar éis nósanna imeachta brostaithe, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ó LC agus ó CP mar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta atá go follasach gan bhunús.

### An dlí lena mbaineann

#### *Dlí an Aontais Eorpaigh*

*Treoir 2013/32*

3 Luaitear an méid seo a leanas in aithrisí 18, 20, 40, 42, 46 agus 48 de Threoir 2013/32:

'(18) Is chun leasa na mBallstát agus na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta araon a ndéanfar cinneadh a luaithe is féidir maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta, gan dochar do scrúdú leordhóthanach agus uileghabhálach a dhéanamh.

[...]

(20) I gcúinsí dea-shainithe inar dóchúil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a bheith gan bhunús nó ina bhfuil ábhar mór imní i dtaobh na slándála náisiúnta nó an oird phoiblí, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann dlús a chur leis an nós imeachta scrúdúcháin, go háirithe trí theorainneacha ama níos giorra, ach réasúnach, a thabhairt isteach le haghaidh céimeanna nós imeachta áirithe, gan dochar do scrúdú leormhaith agus iomlán a dhéanamh ná do rochtain éifeachtach an iarratasóra ar na bunphrionsabail agus ar na ráthaíochtaí dá bhforáiltear sa Treoir seo.

[...]

(40) Tugtar aird ar leith ar shábháilteacht an iarratasóra ina thír thionscnaimh nuair atáthar á mheas an bhfuil bunús maith le hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta. I gcás inar féidir tír thionscnaimh a mheas ina tír shábháilte thionscnaimh, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann í a ainmniú mar sin agus glacadh lena sábháilteacht d'iarratasóir ar leith, ach amháin má thugann an duine sin a mhalairt le fios.

[…]

(42) Má ainmnítear tríú tír mar thír shábháilte thionscnaimh chun críocha na Treorach seo, níor cheart ráthaíocht iomlán sábháilteachta a thabhairt do náisiúnaigh na tíre sin. De bharr a chineáil, ní féidir a chur san áireamh sa mheasúnú as a n-eascraíonn an t-ainmniú sin ach staid ghinearálta shibhialta, dhlíthiúil agus pholaitiúil na tíre, chomh maith le cé acu atá nó nach bhfuil daoine a dhéanann gníomhartha géarleanúna nó céastóireachta nó íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach faoi réir smachtbhannaí i ndáiríre nuair a chuirtear freagracht orthu sa tír sin. Ar an gcúis sin, tá sé tábhachtach, i gcás ina léiríonn iarratasóir forais bhailí lena chreidiúint nach bhfuil an tír lena mbaineann sábháilte ina chás nó ina cás ar leith, nach féidir a mheas a thuilleadh go bhfuil ainmniú na tíre sin mar thír shábháilte ábhartha dó.

[…]

(46) Nuair a chuireann na Ballstáit coincheapa tríú tír sábháilte i bhfeidhm ar bhonn cás ar chás nó nuair a ainmníonn siad tíortha mar thíortha sábháilte trí liostaí a ghlacadh chuige sin, ba cheart dóibh a chur san áireamh, *inter alia*, treoirlínte oibríochtúla agus lámhleabhair, agus faisnéis agus gníomhaíochtaí faoin tír thionscnaimh, lena n-áirítear modheolaíocht [na hOifige Tacaíochta Eorpaí do Chúrsaí Tearmainn (EASO)] chun tuarascálacha faisnéise faoin tír thionscnaimh a chur isteach, dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn [(IO 2010 L 132, lch. 11)] agus treoirlínte ábhartha [Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR)].

[…]

(48) Chun cur i bhfeidhm ceart a áirithiú ar choincheapa na tíre sábháilte arna mbunú ar fhaisnéis cothrom le dáta, ba cheart do na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar an staid sna tíortha sin arna bhunú ar fhoinsí faisnéise, lena n-áirítear faisnéis ar leith ó na Ballstáit eile, EASO, UNHCR, Comhairle na hEorpa agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile. Nuair a dhéanann na Ballstáit aon athrú suntasach a thabhairt faoi deara i staid chearta an duine i dtír arna hainmniú acu mar thír shábháilte, ba cheart dóibh a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú ar an staid sin a luaithe is féidir agus, más gá, athbhreithniú a dhéanamh ar ainmniú na tíre sin mar thír shábháilte.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 10 den Treoir sin, dar teideal ‘Coinníollacha chun iarratais a scrúdú’, i mír 3(b) agus mír 4 de:

‘3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cinntí na n-údarás cinntitheach maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta déanta tar éis scrúdú iomchuí. Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit:

[…]

(b) go bhfaighfear faisnéis chruinn agus cothrom le dáta ó fhoinsí éagsúla, amhail EASO agus UNCHR agus ó eagraíochtaí ábhartha chearta an duine, maidir leis an staid ghinearálta i réim i dtíortha tionscnaimh na n-iarratasóirí, más gá, i dtíortha trínar thaistil siad, agus go ndéanfar an fhaisnéis sin a chur ar fáil don phearsanra a bheidh freagrach as iarratais a scrúdú agus cinntí a dhéanamh;

[...]

4. Beidh rochtain ag na húdaráis dá dtagraítear i gCaibidil V, tríd an údarás cinntitheach nó tríd an iarratasóir nó ar shlí eile, ar an bhfaisnéis ghinearálta dá dtagraítear i mír 3(b), atá riachtanach chun a gcúram a chomhlíonadh.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Faoin gceannteideal 'Ráthaíochtaí arna ndeonú d'iarratasóirí', luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 12(1)(d) den Treoir sin:

'Maidir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear i gCaibidil III, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na ráthaíochtaí seo a leanas ag gach iarratasóir:

[...]

(d) beidh rochtain acu agus, más infheidhme, ag a gcomhairleoirí dlí nó ag a gcomhairleoirí eile i gcomhréir le hAirteagal 23(1), ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 10(3)(b) agus ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 10(3)(d), i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin curtha san áireamh ag an údarás cinntitheach chun críche cinneadh a dhéanamh i dtaca lena n-iarratas;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Baineann Airteagal 24 den Treoir chéanna, dar teideal 'Iarratasóirí a bhfuil sainráthaíochtaí nós imeachta de dhíth orthu', leis an tacaíocht atá le tabhairt do na hiarratasóirí sin le linn an nós imeachta tearmainn. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 31 de Threoir 2013/32, dar teideal 'Nós imeachta scrúdúcháin', i mír 8(b) de:

'Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go ndéanfar nós imeachta scrúdúcháin i gcomhréir le bunphrionsabail agus ráthaíochtaí Chaibidil II a luathú agus/nó a dhéanamh ag an teorainn nó i gcriosanna idirthurais i gcomhréir le hAirteagal 43 más rud é:

[...]

(b) go dtagann an t-iarratasóir ó thír shábháilte thionscnaimh de réir bhrí na Treorach seo [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 32 den Treoir sin, dar teideal ‘Iarratais nach bhfuil bunús leo’:

‘1. Gan dochar d’Airteagal 27, ní fhéadfaidh na Ballstáit a mheas go bhfuil iarratas gan bhunús ach amháin má shuigh an t-údarás cinntitheach nach gcáilíonn an t-iarratasóir do chosaint idirnáisiúnta faoi Threoir 2011/95/AE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus inneachar na cosanta a thugtar (IO 2011 L 337, lch. 9)].

2. I gcásanna iarratais gan bhunús ag a bhfuil feidhm ag aon cheann de na himthosca a liostaítear in Airteagal 31(8) leo, féadfaidh na Ballstáit a mheas gur léir go bhfuil iarratas gan bhunús, má shainmhínítear amhlaidh sa dlí náisiúnta.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 De réir Airteagal 36 de Threoir 2013/32, dar teideal ‘Coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh’:

‘1. Ní fhéadfar tríú tír atá ainmnithe mar thír shábháilte thionscnaimh i gcomhréir leis an Treoir seo, tar éis scrúdú aonair ar an iarratas, a mheas mar thír shábháilte thionscnaimh d’iarratasóir ar leith ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) go bhfuil náisiúntacht na tíre sin aige; nó

(b) is duine gan stát é agus bhíodh gnáthchónaí air sa tír sin roimhe sin,

agus nach bhfuil aon fhorais thromchúiseacha curtha isteach aige lena mheas nach tír shábháilte thionscnaimh í an tír ina imthosca ar leith agus ó thaobh a cháilithe mar thairbhí de chosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le Treoir [2011/95].

2. Leagfaidh na Ballstáit síos sa dlí náisiúnta rialacha agus modúlachtaí breise maidir le feidhmiú choincheap na tíre sábháilte tionscnaimh.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Faoin gceannteideal ‘Ainmniúchán tríú tíortha ag Ballstát mar thíortha sábháilte tionscnaimh’, foráiltear le hAirteagal 37 de Threoir 2013/32:

‘1. Féadfaidh na Ballstáit reachtaíocht a choinneáil nó a thabhairt isteach lena gceadaítear, i gcomhréir le hIarscríbhinn I, tíortha sábháilte tionscnaimh a ainmniú chun iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú.

2. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú rialta ar an staid sna tríú tíortha a ainmníodh mar thíortha sábháilte tionscnaimh i gcomhréir leis an Airteagal seo.

3. Bunófar an measúnú i dtaobh an tír shábháilte thionscnaimh í tír i gcomhréir leis an Airteagal seo, ar raon d’fhoinsí faisnéise, lena n-áirítear go háirithe faisnéis ó na Ballstáit eile, ó EASO, ó UNHCR, ó Chomhairle na hEorpa agus ó eagraíochtaí ábhartha eile.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na tíortha a ainmnítear mar thíortha tionscnaimh sábháilte i gcomhréir leis an Airteagal seo.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Déileálann Airteagal 38 den Treoir sin le coincheap an tríú tír shábháilte.

12 Foráiltear le hAirteagal 43 den Treoir sin, dar teideal 'Nósanna imeachta teorann', i mír 1 de:

'Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta i gcomhréir leis na bunphrionsabail agus na ráthaíochtaí dá dtagraítear i gCaibidil II chun cinneadh a dhéanamh, ag a dteorainn nó ina gcriosanna idirthurais, maidir leis an méid seo a leanas:

[...]

(b) substaint iarratais i nós imeachta de bhun Airteagal 31(8).'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 Foráiltear le hAirteagal 46 den Treoir sin, dar teideal 'An ceart chun leigheas éifeachtach a fháil':

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ceart ag iarratasóirí leigheas éifeachtach a fháil os comhair cúirte, i gcoinne na nithe seo a leanas:

(a) cinneadh a dhéantar i dtaca lena n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, lena n-áirítear:
   (i) cinneadh lena meastar go bhfuil iarratas gan bhunús i dtaca le stádas dídeanaí agus/nó le stádas cosanta coimhdí;

[...]

3. Chun mír 1 a chomhlíonadh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar foráil le leigheas éifeachtach maidir le scrúdú iomlán *ex nunc* ar fhíorais agus ar phointí dlí freisin, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, scrúdú ar riachtanais cosanta idirnáisiúnta de bhun Threoir [2011/95], i gcomhthéacs nósanna imeachta achomhairc ar a laghad os comhair cúirt céadchéime.

[...]

5. Gan dochar do mhír 6, lamhálfaidh na Ballstáit d'iarratasóirí fanacht ar an gcríoch go dtí go mbeidh an teorainn ama ar laistigh di a cheadaítear dóibh a gceart ar leigheas éifeachtach a fheidhmiú imithe in éag, agus, nuair a bheidh an ceart sin feidhmithe laistigh den teorainn ama, go dtí go dtiocfaidh toradh ar an leigheas.

6. I gcás cinnidh:

(a) cinneadh ina meastar gur léir go bhfuil iarratas gan bhunús i gcomhréir le hAirteagal 32(2) nó gan bhunús tar éir a scrúdaithe i gcomhréir le hAirteagal 31(8), ach amháin i gcásanna ina bhfuil na cinntí sin bunaithe ar na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 31(8)(h);

[...]

beidh sé de chumhacht ag cúirt a rialú cé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh an t-iarratasóir fanacht ar chríoch an Bhallstáit, bíodh sé ar iarratas ón iarratasóir nó ag gníomhú *ex officio*, i gcás ina gcuirtear deireadh le ceart an iarratasóra fanacht sa Bhallstát agus sna cásanna nach ndéantar foráil sa dlí náisiúnta maidir leis an gceart chun fanachta sa Bhallstát go dtí go dtiocfaidh toradh ar an leigheas.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

14 Is mar seo a leanas atá Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/32, dar teideal 'Ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh chun críocha Airteagal 37(1)':

'Meastar gur tír shábháilte thionscnaimh í tír inar féidir a léiriú, ar bhonn na staide dlíthiúla, chur i bhfeidhm an dlí laistigh de chóras daonlathach agus na gcúinsí polaitiúla ginearálta, nach ann do ghéarleanúint go ginearálta agus go comhsheasmhach mar a shainmhínítear in Airteagal 9 de Threoir [2011/95], aon chéastóireacht ná aon íde ná pionós atá mídhaonna nó táireach agus nach ann d'aon bhagairt mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí.

Agus an measúnú seo á dhéanamh, cuirfear san áireamh, *inter alia*, a mhéid a thugtar cosaint i gcoinne géarleanúint nó drochíde leis na critéir seo a leanas:

(a) dlíthe agus rialacháin ábhartha na tíre agus an bealach a gcuirtear i bhfeidhm iad;

(b) an modh ina n-urramaítear na cearta agus na saoirsí a leagtar síos i [ECHR] agus/nó sa Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla[, a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 16 Nollaig 1966 agus/nó a tháinig i bhfeidhm an 23 Márta 1976,] agus/nó i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta (agus in aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach an 10 Nollaig 1984 (*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, Iml. 1465, lch. 85, Uimh. 24841 (1987)), go háirithe na cearta nach gceadaítear aon mhaolú orthu i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de [ECHR];

(c) an modh ina n-urramaítear prionsabal an *non-refoulement* i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún [maidir le Stádas Dídeanaithe, a síníodh sa Ghinéiv an 28 Iúil 1951 (*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, Iml. 189, lch. 150, Uimh. 2545 (1954)], a tháinig i bhfeidhm an 22 Aibreán 1954 agus arna fhorlíonadh leis an bPrótacal maidir le Stádas Dídeanaithe, a tugadh i gcrích i Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967 agus a tháinig i bhfeidhm an 4 Deireadh Fómhair 1967 ("Coinbhinsiún na Ginéive")];

(d) foráil maidir le córas leigheasanna éifeachtacha i gcoinne sáruithe ar na cearta agus ar na saoirsí sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

*Rialachán (AE) 2024/1348*

15 Foráiltear le hAirteagal 61 de Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L, 2024/1348), dar teideal 'Coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh', i mír 2 de:

'Féadfar tríú tír a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais [Eorpaigh] agus ar an leibhéal náisiúnta araon cé is moite d'eisceachtaí i gcás codanna sonracha dá críoch nó i gcás catagóirí daoine atá inaitheanta go soiléir.'

16 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 78 den Rialachán sin, dar teideal 'Aisghairm', i mír 1 de:

'Aisghairtear Treoir [2013/32] le héifeacht ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 79(2), gan dochar d'Airteagal 79(3).'

17 Foráiltear le hAirteagal 79(2) agus (3) den Rialachán sin, dar teideal 'Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm':

'2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 12 Meitheamh 2026.

3. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an nós imeachta chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú i ndáil le hiarratais a thaiscfear ón 12 Meitheamh 2026. Beidh iarratais ar chosaint idirnáisiúnta arna dtaisceadh roimh an dáta sin faoi rialú Threoir [2013/32]. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an nós imeachta chun cosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar i gcás ina gcuirfear tús leis an scrúdú chun cosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar tar éis an 12 Meitheamh 2026. I gcás inar tionscnaíodh an scrúdú d'fhonn cosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar roimh an 12 Meitheamh 2026, rialófar an nós imeachta chun cosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar le Treoir [2013/32].'

***An dlí náisiúnta***

18 I gcomhréir le brollach an decreto-legge n. 158 – Disposizioni urgenti in materia di procedure per il riconoscimento della protezione internazionale (Dlí Foraithne Uimh. 158 lena leagtar síos forálacha práinneacha maidir le cosaint idirnáisiúnta a dheonú) an 23 Deireadh Fómhair 2024 (GURI Uimh. 249 an 23 Deireadh Fómhair 2024; 'Dlí Foraithne Uimh. 158/2024'):

'[...]

[de bhrí] an gá urghnách agus an phráinn atá le tíortha sábháilte tionscnaimh a ainmniú, agus breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 4 Deireadh Fómhair 2024 á chur san áireamh[, *Ministerstvo vnitra České republiky*, *Odbor azylové a migrační politiky* (C-406/22, EU:C:2024:841)], seachas tíortha nach gcomhlíonann na coinníollacha don ainmniú sin le haghaidh codanna áirithe dá gcríoch (Camarún, an Cholóim agus an Nigéir);

[de bhrí] Rialachán [2024/1348] agus go háirithe Airteagal 61(2) di, ar dá réir "d'fhéadfaí foráil a dhéanamh le hainmniú tríú tír mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon d'eisceachtaí i gcás codanna sonracha dá chríoch nó do chatagóirí daoine atá inaitheanta go soiléir", lenar cumhdaíodh, cé go raibh feidhm aige ón 12 Meitheamh 2026, an seasamh atá ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh;

[...]'

19 Le Dlí Foraithne Uimh. 158/2024 leasaíodh, *inter alia*, Airteagal 2a den decreto legislativo n. 25 – Attuazione della direttiva 2005/85/CE recante norme minime per le procedure applicate negli Stati membri ai fini del riconoscimento e della revoca dello status di rifugiato (Foraithne Reachtach Uimh. 25 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2005/85/CE maidir le caighdeáin íosta i ndáil le nósanna imeachta sna Ballstáit chun stádas dídeanaí a dheonú agus a tharraingt siar), an 28 Eanáir 2008 (GURI Uimh. 40 an 16 Feabhra 2008; 'Foraithne Reachtach Uimh. 25/2008'). I ndiaidh an leasaithe sin, foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 2a(1) go (4a) d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 25/2008:

'1. I gcomhréir leis na critéir cháilithe arna mbunú le reachtaíocht Eorpach agus le sonraí ó fhoinsí faisnéise arna soláthar ag na heagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla, measfar gur tíortha sábháilte tionscnaimh iad na tíortha seo a leanas: an Albáin, an Ailgéir, an Bhanglaidéis, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Cabo Verde, an Cósta Eabhair, an Éigipt, an Ghaimbia, an tSeoirsia, Gána, an Chosaiv, an Mhacadóin Thuaidh, Maracó, Montainéagró, Peiriú, an tSeineagáil, an tSeirbia, Srí Lanca agus an Túinéis.

2. Féadfar a mheas gur tír shábháilte thionscnaimh é Stát lasmuigh den Aontas Eorpach más rud é, ar bhonn a chórais dlí, ar chur i bhfeidhm an dlí i gcóras daonlathach agus ar an staid pholaitiúil i gcoitinne, gur féidir a léiriú, go ginearálta agus go comhsheasmhach, nach ndéantar aon ghníomhartha géarleanúna [...], céastóireachta ná cineálacha eile íde nó pionóis atá mídhaonna nó táireach, ná aon chontúirt mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha inmheánaí nó idirnáisiúnta. Féadfar tír shábháilte thionscnaimh a ainmniú cé is moite de chatagóirí daoine.

3. Chun críocha an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 2, cuirfear san áireamh, *inter alia*, a mhéid a thugtar cosaint ar ghéarleanúint agus drochíde tríd an méid seo a leanas:

(a) na dlíthe agus na rialacháin arna nglacadh ag an tír agus an chaoi a gcuirtear i bhfeidhm iad;

(b) urraim do na cearta agus na saoirsí a leagtar amach in [ECHR], sa Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla [...] agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta an 10 Nollaig 1984, go háirithe na cearta nach féidir maolú orthu faoi Airteagal 15(2) de [ECHR];

(c) prionsabal Airteagal 33 de Choinbhinsiún na Ginéive a chomhlíonadh;

(d) foráil maidir le córas leigheasanna éifeachtacha i gcoinne sáruithe ar na cearta agus ar na saoirsí sin.

4. Beidh an measúnú i dtaca le cé acu atá nó nach bhfuil Stát nach Ballstát den Aontas Eorpach í ina tír shábháilte thionscnaimh bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag an gCoimisiún Náisiúnta um Thearmann, a úsáidfidh freisin an fhaisnéis arna tiomsú ag an Lárionad Doiciméadúcháin [...]

chomh maith le foinsí eile faisnéise, lena n-áirítear faisnéis arna soláthar ag Ballstáit eile an Aontais Eorpaigh, ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann [(EUAA)], ag [UNHCR], ag Comhairle na hEorpa agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile.

4a. Déanfar liosta na dtíortha sábháilte tionscnaimh a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil le gníomh reachtach agus tabharfar fógra ina leith don Choimisiún Eorpach. Chun an liosta a leagtar amach i mír 1 a thabhairt cothrom le dáta, glacfaidh Comhairle na nAirí, faoin 15 Eanáir gach bliain, tuarascáil ina léireofar, agus aird chuí á tabhairt ar riachtanais sháraitheacha slándála agus leanúnachais an chaidrimh idirnáisiúnta agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 á cur san áireamh, staid na dtíortha atá ar an liosta atá i bhfeidhm agus staid na dtíortha a bhfuil sé beartaithe aici a liostú a chur chun cinn. Cuireann an rialtas an tuarascáil ar aghaidh chuig na coistí parlaiminteacha ábhartha.'

**Na díospóidí sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh**

20 Is beirt náisiúnach de Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise iad LC agus CP. Tar éis d'údaráis na hIodáile iad a tharrtháil ar muir, tugadh go dtí an Albáin iad, áit ar cuireadh in ionad coinneála Gjadër iad. Rinneadh na bearta sin de bhun an protocollo tra il Governo della Repubblica italiana e il Consiglio dei ministri della Repubblica di Albania per il rafforzamento della collaborazione in materia migratoria (Prótacal idir Rialtas Phoblacht na hIodáile agus Comhairle Airí Phoblacht na hAlbáine maidir le comhar feabhsaithe i ndáil le himirce), faoinar chuir Rialtas na hAlbáine dhá limistéar de chríoch na hAlbáine ar fáil do Phoblacht na hIodáile, a thagann go hiomlán faoi inniúlacht údaráis na hIodáile agus atá comhshamhlaithe le limistéir teorann nó idirthurais inar féidir iarrthóirí tearmainn a choinneáil.

21 An 16 Deireadh Fómhair 2024, chuir LC agus CP iarratas ar chosaint idirnáisiúnta isteach le húdaráis na hIodáile ón ionad coinneála sin.

22 Le cinntí an 17 Deireadh Fómhair 2024, dhiúltaigh Coimisiún críochach um chosaint idirnáisiúnta a aithint na Róimhe – an rannóg um nósanna imeachta teorann I do na hiarratais sin faoi nós imeachta teorann brostaithe, ar an bhforas gur tháinig LC agus CP ó thír shábháilte thionscnaimh. Níor bhailíochtaigh an chúirt inniúil na horduithe coinneála agus scaoileadh saor na hiarratasóirí dá bhrí sin.

23 Ar theacht i dtír san Iodáil, thug LC agus CP caingean os comhair Tribunale ordinario di Roma (an Chúirt Dúiche, an Róimh, an Iodáil), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, an 25 Deireadh Fómhair 2024 i gcoinne na gcinntí lenar diúltaíodh a n-iarratais ar chosaint idirnáisiúnta dá dtagraítear sa mhír roimhe seo.

24 Tá amhras ar an gcúirt sin maidir le Daon-Phoblacht na Banglaidéise a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh.

25 Ar an gcéad dul síos, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, go dtí gur glacadh Dlí Foraithne Uimh. 158/2024, gur ainmníodh tríú tír mar thír shábháilte thionscnaimh in dhá chéim. Ar dtús, shainigh reachtas na hIodáile, leis an ngnáthdhlí, an creat dlíthiúil d'ainmniúcháin den sórt sin. Ina dhiaidh sin, d'ainmnigh riarachán na hIodáile, trí bhíthin foraithne idir-aireachta, tíortha sábháilte tionscnaimh ar bhonn na mbileog faisnéise a bhaineann leis na tíortha sin. Tugadh de chumhacht do chúirt na hIodáile athbhreithniú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht foraitheanta idir-aireachta den sórt sin leis an gcreat dlíthiúil sin. Mar sin féin,

tar éis theacht i bhfeidhm an dlí foraithne sin, tá liosta na dtíortha sábháilte tionscnaimh san áireamh anois i ngníomh reachtach, eadhon in Airteagal 2a(1) d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 25/2008, arna leasú le Dlí Foraithne Uimh. 158/2024. Dá bhrí sin, tugtar de chumhacht do reachtas na hIodáile, as seo amach, an creat dlíthiúil ginearálta a bhunú lena rialaítear na nósanna imeachta agus na critéir chun tríú tír a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh agus an t-ainmniú sin a dhéanamh í féin. Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gcomhlíonann ainmniú den sórt sin trí ghníomh de chéim reachtach ceanglais Threoir 2013/32.

26 Ar an dara dul síos, cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl, tar éis Airteagal 2a d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 25/2008 le Dlí Foraithne Uimh. 158/2024 a leasú, nach bhfuil tagairt a thuilleadh i reachtaíocht na hIodáile do bhileoga faisnéise na dtríú tíortha atá i gceist d'fhonn iad a áireamh ar liosta na dtíortha sábháilte tionscnaimh, ná ní luaitear inti an gá atá leis na foinsí óna ndíorthaítear an fhaisnéis sin a lua. Go háirithe, ní luaitear míreanna 2 go 4 d'Airteagal 2a d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 25/2008, arna leasú le Dlí Foraithne Uimh. 158/2024, i mír 1 den Airteagal sin, arna leasú. Bunaítear leis an Rialachán sin liosta na dtíortha sábháilte tionscnaimh trí thagairt a dhéanamh, go ginearálta, do 'shonraí ó fhoinsí faisnéise arna soláthar ag na heagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla', gan na sonraí ná na foinsí sin a shainaithint. Ina theannta sin, ní fhoráiltear le mír 4a nua den Airteagal sin ach go nglacfaidh an Rialtas, chun an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil, tuarascáil ina leagfar amach staid na dtríú tíortha atá i gceist. Dá bhrí sin, cuirtear cosc ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, ar thaobh amháin, agus ar chúirteanna nó binsí a dtugtar caingne arna dtionscnamh acu os a gcomhair, ar an taobh eile, tionscnamh, údarás, iontaofacht, ábharthacht, tráthúlacht, iomláine agus ábhar na faisnéise as ar eascair ainmniú tríú tír mar thír shábháilte thionscnaimh a cheistiú agus a fhíorú, de shárú ar phrionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí a chumhdaítear in Airteagal 47 den Chairt.

27 Ar an tríú dul síos, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gá do na Ballstáit cead a thabhairt do na cúirteanna náisiúnta an fhaisnéis ábhartha uile atá ar fáil dóibh a úsáid chun a fhíorú an bhfuil bunús maith le hainmniú tríú tír mar thír shábháilte thionscnaimh, is cuma ar nocht an t-údarás náisiúnta a rinne an t-ainmniú sin an fhaisnéis ar ar bhraith sé. Measann an chúirt sin nach mór freagra dearfach a thabhairt ar an gceist sin, chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar diúltaíodh dá n-iarratais i nós imeachta brostaithe ar an bhforas go dtagann siad ó thír shábháilte thionscnaimh den sórt sin.

28 Ar an gceathrú dul síos, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, maidir leis na hiarmhairtí atá le baint as breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Ministerstvo vnitra České republiky, Odbor azylové a migrační politiky* (C-406/22, EU:C:2024:841). Cuireann sí in iúl i ndáil leis sin go leanann sé ón mbrollach a ghabhann le Dlí Foraithne Uimh. 158/2024 go raibh sé beartaithe ag Rialtas na hIodáile, trína ghlacadh, an breithiúnas sin a chomhlíonadh, tríd an bhféidearthacht a bhaint, sa dara habairt d'Airteagal 2a(2) d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 25/2008, tríú tír a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh nach gcomhlíonann, i gcás codanna áirithe dá chríoch, na coinníollacha maidir le hainmniú den sórt sin. Mar sin féin, choinnigh an rialtas sin, san fhoráil sin, an fhéidearthacht tríú tír a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh cé is moite de chatagóirí áirithe daoine. Measann an chúirt sin nach mór diúltú don fhéidearthacht sin ar bhonn réasúnaíocht atá cosúil leis an réasúnaíocht a ghlac an Chúirt sa bhreithiúnas sin. Bheadh eisiamh catagóirí daoine a bhaineann, i bhformhór na gcásanna, le críoch iomlán tríú tír níos tromchúisí ná an t-eisiamh críochach a scrúdaíodh sa bhreithiúnas céanna. Sna himthosca sin, measann an chúirt sin gur gá ceist a tharchur chuig an gCúirt ina leith sin, sula dtarraingeofar, i gcás inarb iomchuí, iarmhairtí phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais.

29 Sna himthosca sin, chinn Tribunale ordinario di Roma (an Chúirt Dúiche, an Róimh) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas, arna bhfoirmliú go comhionann sa dá chás, a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘1) An gcuirtear cosc le dlí an Aontais, go háirithe Airteagail [36 go 38] de Threoir [2013/32], arna léamh i gcomhar le haithrisí 42, 46 agus 48 di, agus freisin arna léiriú i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt] (agus Airteagail 6 agus 13 de [ECHR]), ar reachtas náisiúnta, atá inniúil chun liostaí de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú agus chun rialáil a dhéanamh ar na critéir atá le leanúint agus ar na foinsí atá le húsáid chun na críche sin, tríú tír a ainmniú go díreach freisin, trí ghníomh reachtach príomhúil, mar thír shábháilte tionscnaimh?

2) In aon chás, an gcuirtear cosc le dlí an Aontais, go háirithe Airteagail [36 go 38] de Threoir 2013/32, arna léamh i gcomhar le haithrisí 42, 46 agus 48 di, agus freisin arna léiriú i bhfianaise Airteagal 47 den [Chairt] (agus Airteagail 6 agus 13 de [ECHR]), ar an reachtas, ar a laghad, tríú Stát a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh gan a áirithiú go bhfuil na foinsí a úsáidtear chun údar a thabhairt leis an ainmniú sin inrochtana agus infhíoraithe, ós rud é nach féidir leis an iarrthóir tearmainn agóid a dhéanamh i gcoinne thionscnamh, údarás, iontaofacht, ábharthacht, thráthúlacht, iomláine agus, go ginearálta, ábhar na bhfoinsí sin, ná scrúdú a dhéanamh orthu ag an gcúirt, nach bhfuil in ann teacht ar a gconclúidí féin maidir le cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha le haghaidh ainmniú den sórt sin a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir [sin]?

3) An gcaithfear dlí an Aontais, agus go háirithe [Airteagail 36 go 38] de Threoir 2013/32, arna léamh i gcomhar le haithrisí 42, 46 agus 48 di, agus freisin arna léiriú i bhfianaise Airteagal 47 den [Chairt] (agus Airteagail 6 agus 13 de [ECHR]), a léiriú sa chaoi go bhféadfaidh an chúirt, i gcás ar bith, le linn nós imeachta brostaithe teorann [do dhaoine ó] thír thionscnaimh atá ainmnithe mar thír shábháilte, faisnéis a úsáid maidir leis an tír thionscnaimh, go neamhspleách ar na foinsí dá dtagraítear in Airteagal 37(3) den Treoir sin, atá úsáideach chun a chinneadh an gcomhlíontar na coinníollacha substainteacha d’ainmniú den sórt sin, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin?

4) An gcuirtear cosc le dlí an Aontais, go háirithe Airteagail [36 go 38] de Threoir 2013/32, agus Iarscríbhinn I a ghabhann léi, arna léamh i gcomhar le haithrisí 42, 46 agus 48 di, agus freisin arna léiriú i bhfianaise Airteagal 47 den [Chairt] (agus Airteagail 6 agus 13 [ECHR]), ar thríú tír a shainmhíniú mar thír ‘shábháilte thionscnamh’ má tá catagóirí daoine sa tír sin nach gcomhlíonann an tír sin na coinníollacha substainteacha ina leith maidir le hainmniú den sórt sin atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir [sin]?’

## Na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais

30 D’iarr an chúirt a rinne an tarchur go ndéileálfaí leis na cásanna faoin nós imeachta práinne um réamhrialú dá bhforáiltear in Airteagal 23a de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus in Airteagal 107 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

31 An 19 Samhain 2024, chinn an Dara Dlísheomra den Chúirt, ar thogra ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, gan géilleadh don iarraidh sin.

32 Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte an 21 Samhain 2024, rinneadh na cásanna seo a uamadh chun críocha na gcéimeanna i scríbhinn agus ó bhéal de na himeachtaí agus den bhreithiúnas.

33 Le hordú ó Uachtarán na Cúirte an 29 Samhain 2024, déileáladh leis na cásanna seo faoin nós imeachta brostaithe dá bhforáiltear in Airteagal 105(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

34 I gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 16 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, d'iarr Poblacht na hIodáile go n-éistfeadh an Mór-Dhlísheomra na cásanna seo, agus thug an Chúirt dá haire go foirmiúil an 11 Feabhra 2025.

## Na ceisteanna a tharchuirtear

### *Inghlacthacht*

35 Cuireann Rialtais na hIodáile agus na Slóvaice in aghaidh inghlacthacht na chéad cheiste, an dara ceist agus an cheathrú ceist.

36 Maidir leis an gcéad cheist agus an dara ceist, maíonn Rialtas na hIodáile nár luaigh an chúirt a rinne an tarchur na cúiseanna nach bhfuil Dlí Foraithne Uimh. 158/2024 ag luí le dlí an Aontais agus cén fáth a bhfuil na ceisteanna sin ábhartha chun na díospóidí sna príomhimeachtaí a réiteach. Cuireann an rialtas sin leis freisin, sa chás seo, nach mbaineann na nósanna imeachta chun tíortha sábháilte tionscnaimh a ainmniú le hábhar toisc gur ainmníodh Daon-Phoblacht na Banglaidéise cheana féin mar thír shábháilte thionscnaimh fiú sular glacadh an dlí foraithne sin.

37 Maidir leis an gceathrú ceist, áitíonn Rialtais na hIodáile agus na Slóvaice go bhfuil siad teibí agus hipitéiseach. Níor chinn an chúirt a rinne an tarchur an tír shábháilte thionscnaimh í Daon-Phoblacht na Banglaidéise do chatagóirí áirithe daoine agus an dtagann LC agus CP faoi na catagóirí sin.

38 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, de réir cásdlí socair, go bhfuil toimhde ábharthachta ag ceisteanna maidir le léiriú dhlí an Aontais arna dtarchur ag cúirt náisiúnta sa chomhthéacs fíorasach agus reachtach a bhfuil an chúirt sin freagrach as a shainiú, agus nach faoin gCúirt atá sé a chruinneas a chinneadh. Ní féidir leis an gCúirt diúltú rialú a thabhairt ar iarraidh ar réamhrialú ó chúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais le fíorais iarbhír nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, más fadhb de chineál hipitéiseach í, nó mura bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a chuirtear uirthi (breithiúnas an 19 Nollaig 2024, *Tudmur*, C-185/24 agus C-189/24, EU:C:2024:1036, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

39 Sa chás seo, is léir ó na hiarrataí ar réamhrialú go dtugtar caingne os comhair na cúirte a rinne an tarchur arna dtionscnamh ag beirt náisiúnach de Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise i gcoinne cinntí lena ndiúltaítear dá n-iarratais ar chosaint idirnáisiúnta toisc gur léir go bhfuil siad gan bhunús ar an bhforas gur ó thír shábháilte thionscnaimh iad. Míníonn an chúirt sin, sna hiarrataí sin, go bhfuil amhras uirthi maidir le comhoiriúnacht, le dlí an Aontais, ainmniú an tríú tír sin mar thír shábháilte thionscnaimh, go bunúsach, ar an bhforas go n-eascraíonn an t-ainmniú sin as gníomh reachtach, nár nocht reachtas na hIodáile a fhoinsí faisnéise agus gur choinnigh an reachtas sin an rogha chun an t-ainmniú sin a dhéanamh, cé nach bhféadfadh an tríú tír sin a bheith 'sábháilte' do chatagóirí áirithe dá daonra. I ndáil leis sin, tagraíonn an chúirt sin do bhileog faisnéise an 3 Bealtaine 2024 arna tarraingt suas ag Aireacht Gnóthaí Eachtracha na hIodáile agus a bhaineann le Daon-Phoblacht na Banglaidéise, ar a raibh ainmniú Phoblacht na

Banglaidéise mar thír shábháilte thionscnaimh sular glacadh Dlí Foraithne Uimh. 158/2024 bunaithe, agus inar thángthas ar an gconclúid nach bhféadfaí an tríú tír sin a mheas mar thír shábháilte thionscnaimh ach amháin cé is moite de chatagóirí áirithe daoine.

40 Is sa chomhthéacs sin, leis an gcéad cheist, leis an dara ceist agus leis an gceathrú ceist, a iarrann an chúirt sin ar an gCúirt Bhreithiúnais, go bunúsach, léiriú ar roinnt forálacha de Threoir 2013/32, lena rialaítear coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh agus ainmniú na dtíortha sin ag na Ballstáit, agus na rialacha mionsonraithe maidir le hathbhreithniú breithiúnach ar ainmniú den sórt sin.

41 Dá bhrí sin, baineann na ceisteanna sin le léiriú fhorálacha dhlí an Aontais atá ábhartha do réiteach na ndíospóidí sna príomhimeachtaí. Ós rud é go mbunaíonn an chúirt a rinne an tarchur an creat dlíthiúil náisiúnta agus comhthéacs fíorasach na ndíospóidí sna príomhimeachtaí faoina freagracht féin, ní faoin gCúirt atá sé an t-áitreabh ar a bhfuil na ceisteanna sin bunaithe a chinneadh.

42 Ina theannta sin, is léir ó na hiarrataí ar réamhrialú go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur, lena ceisteanna, ar deireadh, a chinneadh an bhfuil ainmniú Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise mar thír shábháilte thionscnaimh ag luí le dlí an Aontais, chun, más gá, toimhde na slándála a eascraíonn as cur i bhfeidhm choincheap na tíre sábháilte tionscnaimh sna díospóidí sna príomhimeachtaí a chur as an áireamh. Dá bhrí sin, ós rud é nár suíodh go dtagann LC agus CP faoi cheann de na catagóirí daoine nach tír shábháilte thionscnaimh í an tír sin ina leith, dar leis an gcúirt sin, níl aon tionchar aige sin ar inghlacthacht na gceisteanna sin.

43 Dá bhrí sin, tá an chéad cheist, an dara ceist agus an ceathrú ceist inghlactha.

## *Substaint*

### *Réamhbharúlacha*

44 Ba cheart a thabhairt faoi deara mar réamhphointe, de réir cásdlí socair, sa nós imeachta a leagtar síos le hAirteagal 267 CFAE lena bhforáiltear do chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, gur faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt don chúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa chás atá os a comhair. Chuige sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCúirt na ceisteanna a tarchuireadh chuici a athfhoirmliú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an Chúirt a mheas gur gá forálacha de dhlí an Aontais nár thagair an chúirt náisiúnta dóibh i bhfoclaíocht a ceiste a chur san áireamh (féach breithiúnais an 20 Márta 1986, *Tissier*, 35/85, EU:C:1986:143, mír 9, agus an 19 Nollaig 2024, *Khan Yunis agus Baabda*, C-123/23 agus C-202/23, EU:C:2024:1042, mír 63).

45 Cé gur thagair an chúirt a rinne an tarchur go foirmiúil, ina ceisteanna, d'fhorálacha sonracha áirithe de dhlí an Aontais, ní chuireann sé sin cosc ar an gCúirt na heilimintí léirithe uile a d'fhéadfadh a bheith ina gcúnamh chun breithniú a dhéanamh ar an gcás sna príomhimeachtaí a chur ar fáil di, trí na pointí de dhlí an Aontais lena n-éilítear léiriú i bhfianaise ábhar na díospóide a bhaint as an bhfaisnéis go léir a chuir an chúirt sin ar fáil, go háirithe ón ráiteas ar na cúiseanna atá leis an ordú tarchuir (féach breithiúnais an 29 Samhain 1978, *Redmond*, 83/78, EU:C:1978:214, mír 26, agus an 19 Nollaig 2024, *Khan Yunis agus Baabda*, C-123/23 agus C-202/23, EU:C:2024:1042, mír 64).

46 Lena ceisteanna, iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt, *inter alia*, léiriú ar Airteagail 36 go 38 de Threoir 2013/32, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt.

47 Ar an gcéad dul síos, ba cheart a mheabhrú go mbaineann Airteagail 36 agus 37 de Threoir 2013/32, faoi seach, le coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh agus le hainmniú tríú tíortha ag na Ballstáit mar thíortha sábháilte tionscnaimh.

48 Bunaítear leis na hAirteagail sin córas scrúdúcháin speisialta a bhféadfaidh Ballstáit iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chur faoina bhráid. Tá an córas sin bunaithe ar thoimhde infhrisnéise de chosaint leordhóthanach sa tír thionscnaimh, a d'fhéadfadh an t-iarratasóir a fhrisnéis má thugann sé cúiseanna tromchúiseacha maidir lena staid phearsanta (féach, chuige sin, breithiúnais an 25 Iúil 2018, *A*, C-404/17, EU:C:2018:588, mír 25, agus an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Ministerstvo vnitra České republiky*, *Odbor azylové a migrační politiky*, C-406/22, EU:C:2024:841, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

49 De bhua ghnéithe sonracha an chórais sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 31(8)(b) den Treoir sin, ar dtús, dlús a chur leis an nós imeachta scrúdúcháin agus, anuas air sin, é a dhéanamh ag an teorainn nó sna criosanna idirthurais, i gcomhréir le hAirteagal 43 den Treoir sin (breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Ministerstvo vnitra České republiky*, *Odbor azylové a migrační politiky*, C-406/22, EU:C:2024:841, mír 48).

50 Thairis sin, i gcás inar measadh go bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, arna thaisceadh ag iarratasóir ó thír thionscnaimh shábháilte, gan bhunús, sa mhéid gur shuigh an t-údarás cinntitheach, i gcomhréir le hAirteagal 32(1) de Threoir 2013/32, nach gcáilíonn an t-iarratasóir do chosaint idirnáisiúnta faoi Threoir 2011/95, féadfaidh na Ballstáit a mheas, de bhun Airteagal 32(2) de Threoir 2013/32, go bhfuil iarratas den sórt sin go follasach gan bhunús má shainmhínítear sa reachtaíocht náisiúnta é (breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Ministerstvo vnitra České republiky*, *Odbor azylové a migrační politiky*, C-406/22, EU:C:2024:841, mír 49).

